# Doiciméid Aitheantais

## Iarratas ó chuideachta nó ó eintiteas eile

**Cé is féidir tuarascáil chreidmheasa a iarraidh thar ceann cuideachta nó eintitis eile?**

- An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
- Comhalta den Bhord Stiúrthóirí
- Rúnaí na Cuideachta
- An Príomh-Oifigeach Dlí
- An Príomh-Oifigeach Airgeadais
- An Príomh-Oifigeach Oibríochtaí

***<u>Murab ionann an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici agus duine de na daoine atá liostaithe thuas, beidh an méid seo a leanas ag teastáil freisin:</u>***

a) Litir Údaráis a bheidh sínithe ag aon duine de na daoine atá liostaithe thuas (féach an teimpléad litreach in Aguisín 1);
b) Doiciméid aitheantais mar atá liostaithe i bpointe 3 thíos don duine a mbeidh an Litir Údaráis á cur ar fáil aige nó aici; **AGUS**
c) Doiciméid aitheantais mar atá liostaithe i bpointe 3 thíos don duine dá dtarmligtear údarás.

**Cé na doiciméid aitheantais atá ag teastáil?**

Beidh cruthúnas ag teastáil uainn ar an méid seo a leanas:

1. Céannacht an eintitis;
2. Seoladh Cláraithe agus Seoladh Gnó an eintitis;
3. Céannacht an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici agus/nó céannacht an duine dá dtarmligtear údarás chun an t-iarratas a dhéanamh;
4. litir údaráis a bheidh sínithe ag an duine iomchuí san eintiteas más gá.

- Tá gá le doiciméid aitheantais chun d'iarratas a dheimhniú.
- Foráiltear do phróiseáil na faisnéise seo san Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, arna leasú, agus sna Rialacháin ghaolmhara.

Le haghaidh iarratas ar líne: -
Uaslódail cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.

Le haghaidh iarratas poist:-
Seol cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.
Ná seol doiciméid bhunaidh.

**1. Céannacht an eintitis**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid in (a) NÓ (b) a chur ar fáil:

a) Deimhniú Clárúcháin lena n-áirítear uimhir CRO ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí.
Mura bhfuil sé ar fáil, ansin
Deimhniú Clárúcháin d'Ainm Gnó ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

NÓ

b) Uimhir Thagartha Cánach - aon chomhfhreagras a bheidh eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus a mbeidh an uimhir iomlán chláraithe cánach ann.

Aon doiciméad coibhéiseach eile, ar nós cruthúnais ar Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, má bhíonn sé ar fáil.

2. **Seoladh an eintitis**

Is gá cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais)

- bille fóntais nó bille líne thalún;
- ráiteas ó Bhanc, ó Chumann Foirgníochta nó ó Chomhar Creidmheasa;
- aon chomhfhreagras a bheidh dírithe ar an eintiteas ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- aon chomhfhreagras a bheidh dírithe ar an eintiteas ó aon chomhlacht reachtúil nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile;
- aon chomhfhreagras a bheidh dírithe ar an eintiteas ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais atá i bhfeidhm faoi láthair.

Murab ionann seoladh cláraithe an eintitis agus an seoladh gnó, is gá doiciméad AMHÁIN a thabhairt do gach seoladh.

**3. Doiciméid aitheantais an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici AGUS, más iomchuí, an duine dá dtarmligtear údarás**

**a) Do chéannacht**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- leathanach aitheantais agus sínithe do phas; nó
- an taobh aitheantais de do cheadúnas tiomána AE.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na 3 leathanach ar fáil.

**b) Do sheoladh**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais):

•bille fóntais nó bille líne thalún teileafóin;
•ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
•litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
•litir a bheidh dírithe ort ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
•litir a bheidh dírithe ort ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcoinneoimid an fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil mar chruthúnas ar chéannacht go ceann tréimhse cúig bliana. Déanfar í a scriosadh ina dhiaidh sin.

**AGUISÍN 1**
**LITIR ÚDARÁIS**

An Príomh-Chlár Creidmheasa
Adelphi Plaza,
Sráid Sheoirse Uachtarach
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath.

DÁTA

Tarmligimse, [ainm an iarratasóra], mar [an post atá ar seilbh san eintiteas], údarás do [ainm an duine dá dtarmligtear údarás agus an post atá aige/aici san eintiteas] chun tuarascáil chreidmheasa de chuid [ainm an eintitis] a iarraidh.

Iarrfar ar [*ainm an toscaire*] foirm iarratais a chomhlánú agus cóipeanna dá dhoiciméid/doiciméid aitheantais a chur ar fáil ina léireofar cruthúnas ar chéannacht mar aon le doiciméid chomhionanna lena bhfíorófar mo chéannacht féin. Tuigimid go bhféadfar teagmháil a dhéanamh leis nó léi chun na doiciméid seo a fhíorú.

Le do thoil, cuir an tuarscáil chreidmheasa chuig [*cuir isteach ainm an toscaire*] ag [*cuir isteach seoladh – is gá gur seoladh cláraithe nó príomhsheoladh eintitis é*].

SÍNITHE ainm an iarratasóra
SÍNITHE ainm an duine dá dtarmligtear údarás